

Tá sé mar bhun-aidhm ag an gCoiste ainmneacha a chur chun cinn, a léiríonn cultúr agus oidhreacht shaibhir Chontae Phort Láirge. Agus ainmneacha oiriúnacha á moladh aige d'fhorbairtí tithíochta, scrúdaíonn An Coiste suíomh na forbartha, ag tógaint aon sonraí ábharthacha staire agus tíreolaíochta san áireamh, maraon le bunleagan Gaeilge logainm na háite ina bhfuil an fhorbairt lonnaithe.

Bíonn an Coiste ag obair le comhlachtaí chun a chinntiú nach mbeidh aon dúbailt ar ainmneacha chun aon mhearbhall maidir le seoltaí poist a sheachaint. Tá idir bhall d'fhoireann na Comhairle agus baill den bpobal ar an gCoiste Logainmneacha, agus tagann siad le chéile uair sa mí chun macnamh a dhéanamh ar ainmneacha forbairtí tithíochta agus ceisteanna comharthaíochta. Tagann ainmniúcháin gach forbairt tithíochta nua sa chontae, idir phoiblí agus phríobháideach, os comhar an Choiste i gcomhair chomhairle agus/nó cheadaithe.



## AINMNEACHA MOLTA

Tá an Coiste tar éis comhoibriú le roinnt conraitheoirí, ina measc Blackwater Homes maidir leis An Grianán, Cúl Rua agus Páirc na mBláth; Cloonross Developments Ltd maidir le Leacan Fionn Thoir agus Respond! maidir le Páirc an Aonaigh, Clós Naomh Mochua agus Ard an Ghleanna.

Ainmneacha eile atá molta ag an gCoiste d'fhorbairtí tithíochta ná: An Crompán, Cois Abhann, Cluain Chúil Finn/Coolfin Meadow, An Dallán, An Leaca Bheag, Gort na hEornan, Gort an Uisce, Cois Breo agus Gleann Abha Buí/Glenaboy.

## COMHARTHAÍOCHT

Tá an Coiste tar éis seirbhís aistriúcháin agus chomhairliúcháin a chuir ar fáil do na gnónna seo a leanas: Ó *Conghaile Poitigéirí*, *Easons* agus *Dunnes Stores* maidir le comharthaíocht dátheangach a chur in airde ina siopaí agus do Clancy Construction maidir le comharthaíocht dátheangach in Ionad Siopadóireachta Dhún Garbhán, a d'oscail sa bhFómhair 2004.




Tá Comhairle Contae Phort Láirge ag soláthar seirbhíse luachmhar agus fiúntach tríd an gCoiste Logainmneacha, a chabhraíonn chun íomhá de Chontae Phort Láirge a chur chun cinn mar chontae atá mórtasach agus bródúil as a oidhreacht chultúrtha agus a thraidisiúin shaibhre.

## SONRAÍ TEAGMHÁLA

Aon duine gur mian leis/léi leas a bhaint as seirbhísí An Choiste Logainmneacha, ba cheart dóibh teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Forbartha Gaeilge, Comhairle Contae Phort Láirge ar (058) 20884 nó msbreathnach@waterfordcoco.ie.

*'Móraidhm an Choiste Logainmneacha ná a chinntiú, chomh fada agus is féidir, go léiríonn ainmneacha ar fhorbairtí tithíochta cultúr agus oidhreacht shaibhir Ghaelach an Chontae' - Feasta July 2003*

**Waterford County Council**

# Placenames Committee




**Waterford County Council established An Coiste Logainmneacha (the Placenames Committee) in November 2002, with four principal aims:**

- offering a free translation service for businesses in the county who wish to erect Irish language signage;
- suggesting appropriate Irish only, or bilingual names for local authority housing developments;
- working in an advisory capacity with private developers in suggesting appropriate names for housing and other developments;
- ensuring the accuracy of both Irish and English placenames in local authority road signage throughout the county.



The overall aim of An Coiste Logainmneacha is to ensure as far as possible that names will reflect the rich Irish cultural heritage of County Waterford. In suggesting appropriate names for housing developments, An Coiste examines the location of the development, taking any relevant historical and geographical facts into account, including the original Irish version of the placename where the development is located.

An Coiste Logainmneacha works with the industry to ensure that no duplication of estate names occurs, in order to avoid any confusion in regard to postal addresses in particular. The committee, which consists of both Council staff and members of the public from around the county, meets once a month to consider both the naming of new developments and signage issues. The naming of all new housing developments in the county, both public and private, comes before the Coiste for advice and/or approval.



## NAMES SUGGESTED

An Coiste has co-operated with, among others, Blackwater Homes in relation to An Grianán, Cúl Rua and Páirc na mBláth; Cloonross Developments Ltd in relation to Leacan Fionn Thoir and Respond! in relation to Páirc an Aonaigh, Clós Naomh Mochua and Ard an Ghleanna.



Some other names given to housing estates include: An Crompán, Cois Abhann, Cluain Chúil Finn/Coolfin Meadow, An Dallán, An Leaca Bheag, Gort na hEornan, Gort an Uisce, Cois Breo and Gleann Abha Buí/Glenaboy.

*'In the Ring Gaeltacht An Leaca Bheag, the old name for the field on which the Housing Estate is located, was suggested by the Coiste Logainmneacha' - Dungarvan Observer, 14 May 2003*

## SIGNAGE



An Coiste has provided a translation and advisory service to *Connolly Pharmacists, Easons* and *Dunnes Stores* in the erection of bilingual signage in their outlets and to Clancy Construction in relation to the bilingual signage in the Dungarvan Shopping Centre, which opened in Autumn 2004.



Through An Coiste Logainmneacha, Waterford County Council is providing a valuable and worthwhile service that contributes towards projecting an image of County Waterford as a county which is proud of its rich cultural heritage.

## CONTACT DETAILS

Anyone wishing to avail of the services of An Coiste Logainmneacha should contact the Irish Development Officer, Waterford County Council on (058) 20884 or msbreathnach@waterfordcoco.ie.

**Comhairle Contae Phort Láirge**

# Coiste Logainmneacha




**Bhunaigh Comhairle Contae Phort Láirge An Coiste Logainmneacha i mí na Samhna 2002, le ceithre phríomh-aidhm:**

- seirbhís aistriúcháin saor in aisce a thairiscint do ghnónna sa chontae ar mhaith leo comharthaíocht i nGaeilge a chur in airde;
- ainmneacha oiriúnacha Gaeilge nó dátheangach a mholadh d'fhorbairtí tithíochta an údaráis áitiúil ar fud an chontae;
- ag obair ar bhonn comhairleach le forbróirí príobháideacha maidir le hainmneacha oiriúnacha a mholadh d'fhorbairtí tithíochta agus eile
- cruinneas na logainmneacha Gaeilge agus Béarla ar chomharthaí bóithre an údaráis áitiúil ar fud an chontae a chinntiú.